# Líon na Bearnaí

**Sraith 17: Madra ar strae**

**Pictiúr 1.**

Léigh Séan _____________ a tháinig chuige ó Shíle, rún a chroí. D’inis sí dó go raibh an madra s’acu imithe agus gur theastaigh _____________ uaithi chun dul sa tóir air. Chaithfidis dul á lorg. Láithreach bonn baill chuaigh Seán faoina déin.

**Piciúr 2.**

Thosaigh Síle ag caoineadh nuair a chonaic sí Seán. Rug seisean ___________ uirthi chun sólás a thabhairt di. Dúirt sé léi gan a bheith _____________. D’iarr sé uirthi insint dó cad a thárla. D'ullmhaigh Síle cúpán caife di féin. Níor theastaigh tada ó Sheán. Shuigh siad síos agus mhínigh sí an __________ ar chaill sí an madra. "Seo mar a thárla" ar sise, agus d’inis sí cibé scéal a bhí le hinsint aice. Thosaigh seisean ag smaoineamh ansin agus d’fhiafraigh sé de féin céard ab fhéidr leo a dhéanamh?

**Pictiúr 3.**

Chuir Síle glao gutháin ar an Raidió Pobail agus d'iarr sí orthu scéal an mhadra a _____________. Rud a rinne. Chuir an clár-reachtaire fógra amach thar an aer láithreach.

Ag an am céanna bhí Seán ag obair ar a fhón póca féin. Chuaigh sé chuig a ____________ Facebook, an gréasán sóisialta, agus d'fhág sé _____________ ansin mar aon lena uimhir ghutháin féin: a náid, a hocht, a seacht, a dó, a cúig, a ceathair, a cúig, a dó. Rinne sé cur síos ar an madra: brocaire beag dubh agus bán a bhí ann arbh ainm dó Jójó.

**Pictiúr 4.**

Nuair a bhí an méid sin déanta chuaigh Síle agus Seán amach ar an tsráid iad féin agus thosaigh siad ag ____________ "Jójó! Jójó! Fáir ná freagra ní bhfuair siad, mo léan!
Go tobann d'airigh Síle go raibh glao gutháin ar a fón póca. Níor chuala sí an ___________ mar bhí sé sin múchta aici. Mhothaigh sí rabhadh ciúin ______________ ar an bhfón ina póca. Tharraing sí amach é.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5.**

D’fhiafraigh an duine ar an taobh eile arbh í siúd Síle? Arbh í siúd an duine a bhí ag lorg an mhadra? Dúirt Síle gurbh ea. Dúirt an té a ghlaoigh uirthi go raibh an madra ___________ acu féin. Cad ba cheart a dhéanamh, ar seisean. Dúirt Síle leis fanacht mar a raibh sé agus go rachadh sí faoi dhéin an mhadra.
Nuair a chuir Síle an fón ar ais ina póca d'inis sí do Sheán go raibh ____________ fáighte aici. Bhí an madra ag an bhfear a ghlaoigh uirthi. Chuala sé an fógra ar an Radió Pobail.
"Go hiontach," a deir Seán. Chuaigh an bheirt chun an madra a fháil.

**Pictiúr 6.**

Nuair a shroich siad teach an fhir óig ag an ___________ a thug sé, chnag Síle ar an doras. Tháinig fear óg amach agus Jó Jó ar iall aige. D'inis sé dóibh go bhfaca sé Jó Jó san Ionad Siopadóireachta agus gur chuimil sé a cheann. Bhí an madra an-fhaiteach agus ____________ sé an fear nuair a d'fhág sé an siopa. Thóg Síle Jó Jó ina bachlainn agus chuir sí faoina hascaill é. Bhí ríméad uirthi. Ghabh sí buíochas leis an lánúin.
Ina aigne bhí an fear óg ag ceapadh gur cheart do Shíle níos mó aire a thabhairt don mhadra. Ina ionad sin d'iarr sé uirthi an scéal go léir a insint dóibh. Conas a ____________ sí an madra srl.